



GCSE
Transcripts for
GCSE Irish
Textbook

22 March 2012

Context 1A - Self Family and Friends

Transcript 1

You are going to hear Ciarán talking about himself. You will hear each recording twice.

Is mise Ciarán. Tá mé beag agus tanaí. Tá mo chuid gruaige dubh.

Transcript 2

Ciarán continues.

Tá mo shúile gorm. Tá mé iontach cainteach. Tá mé cairdiúil fosta.

Transcript 3

You are going to hear Síofra talking about herself. You will hear each recording twice.

Is mise Síofra. Tá mé iontach cainteach. Tá mo chuid gruaige donn agus tá mo shúile gorm.

Transcript 4

Síofra continues to talk about herself.

Tá mé cúig bliana déag d'aois agus tá mo bhreithlá ar an 23ú de mhí Eanáir. Rugadh i nDoire mé ach tá mé i mo chónaí ar an Bhaile Meánach.

Transcript 5

Listen to Éamonn talking about his family.

Tá seachtar i mo theaghlach. Is múinteoir é mo dhaidí agus is fiacloir í mo mhamáí. Tá triúr deartháir agam agus deirfiúr amháin agam. Is é mo dheartháir Fionn an duine is sine sa chlann agus is í mo dheirfiúr Caitriona an duine is óige sa chlann. Rugadh mé i mBaile Átha Cliath ach táimid inár gcónaí in Ard Mhacha. Is breá liom bheith ag rothaíocht. Tá peata agam – madadh beag.

Context 1A - Self, family and friends

Transcript 6

Listen to Áine talking about herself and her family. You will hear each piece twice.

Dia duit! Is mise Áine agus tá mé cúig bliana déag d'aois. Tá mé i mo chónaí i gcontae Fhear Manach, cóngarach d'Inis Ceithleann.

Tá seisear ar fad i mo theaghlach – mo thuismitheoirí, beirt deirfiúracha, mo dheartháir agus mé féin.

Tógadh le Gaeilge muid mar is as Gaeltacht Chonamara do m'athair. Deirtear go bhfuil mé cosúil le mo mháthair, san aghaidh agus sa phearsantacht.

Réitím go maith le mo mháthair. Padaí an t-ainm atá ar m'athair – tig leis bheith measartha dian in amanna. Sinéad agus Órlaith atá ar mo dheirfiúracha.

Tá Sinéad fiche bliain d'aois agus tá Órlaith trí bliana déag. Is duine deas í Sinéad – tá sí fíor-chliste agus iontach foighneach fosta. Tá Órlaith díograiseach agus spórtúil.

Is duine deas í, ach cuireann sí isteach orm anois is arís. Tá mo dheartháir Colm greannmhar agus gealgháireach. Tá sé ocht mbliana déag d'aois agus réitím go maith leis.

Context 1B - Local Environment

Transcript 1

You listen to the following people describing where they live.

Female	Is mise Áine. Tá mé i mo chónaí ar an Ómaigh. Tá teach dhá urlár agam agus tá sé suite taobh amuigh den bhaile. Tá deich seomra i mo theach. Tá gairdín mór againn agus garáiste fosta. Tá scoil, siopaí agus páirc peile le feiceáil ó mo theach. Is breá liom mo theach mar tá sé mór spásúil.
Male	Is mise Séamas. Tá mé i mo chónaí i bPort Rois. Tá teach scoite againn agus tá sé suite in aice leis an fharrage. Tá ocht seomra sa teach. Tá gairdín beag againn ar chúl an tí ach níl garáiste againn. Tá trá, óstán agus séipéal le feiceáil ó mo theach. Is maith liom mo theach mar tá sé deas.
Female	Is mise Caitríona. Tá mé i mo chónaí i Lios na Scéithe. Tá teach feirme agam faoin tuath. Tá dhá sheomra dhéag i mo theach. Tá gairdín agus garáiste mór againn. Tá páirceanna, loch agus abhainn le feiceáil ó mo theach. Is maith liom mo theach mar tá sé ciúin.
Female	Is mise Róisín. Tá mé i mo chónaí i nDoire. Tá teach leathscoite agam i lár na cathrach. Tá seacht seomra sa teach. Níl gairdín nó garáiste againn. Tá club na n-óg, otharlann agus ionad spóirt le feiceáil ó mo theach. Ní miste liom mo theach mar tá mo chairde ina gcónaí anseo.

Transcript 2

Aisling talks about herself and her new house.

Female	Is mise Aisling. Tá teach nua agam agus is bungaló é. Tá sé suite ar imeall na cathrach agus in aice le páirc poiblí. Roinnim an seomra le mo dheirfiúr. Tá sé suite thuas staighre agus tá sé mór agus iontach compordach. Tá na ballaí corcra agus bán. Tá dhá leaba sa seomra agus tá na héadaí leapa corcra fosta. Tá vardrús againn ach bíonn na héadaí ina lú ar an urlár go minic. Tá ríomhaire agam i mo sheomra. Tá gairdín mór ar chúl an tí. Is maith liom mo theach nua.
--------	--

Context 1B - Local Environment

Transcript 3

Listen to the following people giving directions.

1	
Male	Gabh mo leithscéal, ach cá bhfuil an ardeaglais suite?
Female	Tá an ardeaglais suite i lár na cathrach. Gabh ar aghaidh agus glac an chéad sráid ar dheis.
2	
Male	Gabh mo leithscéal, ach cá bhfuil an halla baile suite?
Female	Tá an halla baile suite in aice leis an ionad spóirt. Tiontaigh ar dheis agus tá sé suite ag barr na sráide.
3	
Male	Gabh mo leithscéal, ach cá bhfuil an phictiúrlann suite?
Female	Tá an phictiúrlann suite os comhair an lárionad siopadóireachta. Gabh ar aghaidh agus glac an dara sráid ar clé. Feicfidh tú soilse tráchta romhat agus tiontaigh ar clé.
4	
Male	Gabh mo leithscéal, ach cá bhfuil an t-ospidéal suite?
Female	Tá an t-ospidéal ar imeall an bhaile mhóir. Gabh siar, glac an chéad bhóthar ar clé agus tá an t-ospidéal cúig bhomaite ar shiúl.
5	
Male	An bhfuil an t-ospidéal i bhfad ar shiúl?
Female	Níl sé i bhfad ar shiúl. Cúig bhomaite nó mar sin.

Context 1C - Daily routine

Transcript 1

Tomás talks about his weekend. You will hear the recording twice.

Dia duit! Is mise Tomás agus tá tuirse orm inniu mar bhí mé ag ceolchoirm aréir le mo chairde. Thosaigh an ceol ar a seacht a chlog agus bhí sé thart ar a leath i ndiaidh a naoi. Bhí sé ar fheabhas!

Transcript 2

Áine talks about her weekend.

Dia duit! Is mise Áine. D'éirigh mé ar a hocht a chlog Dé Sathairn. D'ith mé mo bhriceasta go gasta. Nigh mé na soithí agus ansin chuaigh mé ag siopadóireacht le mo dheirfiúr. Cheannaigh mé sciorta. Tháinig mé abhaile ar an bhus ar a dó a chlog.

Transcript 3

Listen to the following people talk about how they spent their weekend. Fill in column A & B. You will hear each person twice.

Female	Is mise Clíodhna. Maidin Dé Sathairn, chuaigh mé ag snámh le mo dheartháir.
Male	Is mise Fionn. Oíche Dé hAoine chuaigh mé go dtí an phictiúrlann le mo chairde.
Male	Is mise Seán. Tráthnóna Dé Domhnaigh, thug mé cuairt ar mo sheanmháthair le mo theaghlach.
Male	Is mise Niall. Maidin Dé Sathairn, chuaigh mé chuig traenáil peile le mo chairde scoile.
Female	Is mise Orla. Tráthnóna Dé hAoine, d'éist mé le mo cheol is fearr ar an Ipod s'agam liom féin.
Female	Is mise Ciara. Oíche Dé Sathairn, chuaigh mé go dtí an dioscó áitiúil le mo chairde Gaeltachta.
Female	Is mise Sinéad. Tráthnóna Dé Sathairn, chuaigh mé ag siopadóireacht le mo mhamáí.
Female	Is mise Caitriona. Ar an Domhnach, chuaigh mé ag siúil sna sléibhte le mo mhadadh.
Female	Is mise Sorcha. Bhí mé ag seinm ceoil maidin Dé Sathairn le mo dheirfiúr.
Female	Is mise Cillian. Bhí mé ag léamh oíche Dé Domhnaigh le mo theaghlach.

Context 1C - Daily routine

Transcript 4

Listen to Eilís talking about her daily routine. You will hear each statement twice.

- 1 Nígh mé mé féin agus scuab mé na fiacla aréir.
- 2 D'amharc mé ar an teilifís tamall agus lig mé mo scíth.
- 3 Chuaigh mé a lú ar a deich a chlog.
- 4 Bhí a lán obair baile agam agus rinne mé m'obair baile ar leath i ndiaidh a seacht.
- 5 D'éirigh mé ansin.
- 6 Tháinig mé abhaile ar a ceathair a chlog.
- 7 D'fhág mé an teach ar maidin ar a hocht a chlog.
- 8 Chuaigh mé ar scoil ar an bhus.
- 9 D'ith mé mo bhricfeasta sa chistin.
- 10 Bhí cithfholcadh agam.
- 11 Chuaigh mé ar scoil sa charr Dé hAoine.
- 12 D'ith mé mo dhinnéar – sceallóga agus borgaire.
- 13 Maidin inné, mhúscail mé ar a seacht a chlog.

Context 1C - Daily routine

Transcript 5

Listen to the voicemail messages. Listen and match the name with the correct picture. There is an example done for you.

Sampla: Dia duit, Róisín anseo. Tá mé ag dul go dtí club na n-óg ag an deireadh seachtaine. Feicfidh mé ansin thú!

- 1 Dia duit, Proinsias anseo. Feicfidh mé thú ag an cheolchoirm Dé Sathairn.
- 2 Dónall atá anseo – tá cead agam fanacht ag an teach s’agatsa ag an deireadh seachtaine. Slán!
- 3 Dia duit, Fionnuala anseo. Ar mhaith leat dul ag seoltóireacht liom ag an deireadh seachtaine? Cuir scairt orm!
- 4 Seo teachtaireacht ó Sheán – an dtiocfaidh tú chuig ceolchoirm liom i mBéal Feirste? Beidh mé ag caint leat amárach, slán go fóill!
- 5 Oisín atá anseo – rachaidh mé ag marcaíocht Dé hAoine. Slán!
- 6 Dia duit, Peadar anseo – an féidir liom dul ar an turas go dtí an iarsmalann leat? Cuir scairt orm, slán!

Context 1D - Health

Transcript 1

You listen to the following people talking about their favourite pastimes. Match the name with the correct picture.

Male	Is mise Ciarán. Is breá liom rugbaí.
Female	Is mise Nuala. Tá dúil agam sa léitheoireacht.
Male	Is mise Fionn. Is maith liom bheith ag siúil.
Female	Is mise Sinéad. Is breá liom bheith ag damhsa.
Male	Is mise Cathal. Imrím iománaíocht le mo chlub áitiúil.
Female	Is mise Cara. Is maith liom bheith ag imirt cluichí ar an ríomhaire.
Male	Is mise Seán. Tá suim agam sa cheol.
Female	Is mise Clíodhna. Is breá liom bheith ag snámh.

Transcript 2

Listen to the following people ordering in a restaurant.

A Male	Ba mhaith liom bricfeasta friochta le do thoil – ispíní, bagún, trátaí, arán rósta, ubh agus beacáin. Agus cupán tae fosta! Beidh ceapaire agam don lón. Don dinnéar íosfaidh mé stéig agus prátaí brúite agus ansin beidh glasraí agam. Don suipéar beidh calóga arbhair agam.
B Female	Don bhricfeasta beidh sú oráiste agus calóga arbhair agam. Beidh lón mór agam - iasc le sceallóga agus piseanna. Ansin don dinnéar beidh anraith glasraí agam. Beidh cupán tae agus arán donn rósta agam.
C Male	Beidh brachán agam don bhricfeasta agus cupán caife ina dhiaidh. Beidh ceapaire cáise agus feoil agam don lón, agus úll. Don dinnéar beidh sicín rósta agus glasraí agam. Ba mhaith liom prátaí fosta. Don suipéar beidh gloine bainne agus slisín toirtín úll agam.

Context 1D - Health

Transcript 3

Listen to these people talking about how they feel. A sample has been done for you.

Male	Tá tart orm.
Female	Tá brón orm.
Male	Tá áthas orm.
Female	Tá fearg orm.
Male	Tá tinneas fiacaile orm.
Female	Tá ocras orm.
Male	Tá tuirse orm.
Female	Tá eagla orm.
Male	Tá tinneas goile orm.
Female	Tá tinneas cinn orm.
Male	Tá bród orm.
Female	Tá slaghdán orm.

Transcript 4

The following people went to the nurse feeling unwell. List their problems and the treatment they received.

Male	Is mise Pádraig. Bhí mé ag imirt peile ag am lóin agus thit mé. Chuir an bhanaltra bindealán air agus tá mé ceart go leor anois.
Female	Is mise Máire. Tá mé tinn mar Tá pian i mo bholg. Thug an banaltra piollaí dom.
Male	Is mise Ruairí. Bhí pian i mo scornach. Thug an dochtúir buidéal leighis dom.

Context 1D - Health

Transcript 5

The school nurse comes to talk to your form class about young people and health. You will hear each part twice. The entire passage will then be heard for a third and final time.

Female	<p>Dia daoibh a scoláirí. Tá mé anseo inniu le labhairt libh faoi shláinte daoine óga.</p> <p>Braitheann ár sláinte go mór ar an bhia a ithimid. Ba cheart daoibh cúig chineál glasraí agus torthaí a ithe gach lá. Faighimid a lán vitimíní ó na rudaí seo agus tá siad iontach blasta fosta. Ith go rialta, ach ná hith barraíocht! Ná hith barraíocht saille nó siúcra ach an oiread.</p> <p>Chomh maith leis sin, ná hól níos lú ná ocht ngloine uisce sa lá.</p>
	<p>Break here and repeat the above.</p>
	<p>Faigh codladh ocht n-uair a chloig gach oíche. Is é an rud is fearr gan obair baile a dhéanamh go ró-mhall san oíche, agus éirigh go luath ar maidin fosta. Agus, ar ndóigh ná glac drugaí nó alcól. Agus ná tosaigh ag caitheamh toitíní –bíonn sé iontach deacair an nós sin a stopadh.</p> <p>Faoi dheireadh, déan aclaíocht go minic – 30 bomaite ar feadh ceithre huair sa tseachtain.</p> <p>Má dhéanann sibh na rudaí beaga seo uilig, beidh saol sláintiúil agat!</p>
	<p>Repeat the above.</p>
	<p>Repeat the whole passage from start to finish.</p>

Context 2A - Social Problems and Equality

Transcript 1

Listen to these teenagers discussing unemployment and its problems.

Male	Is mise Peadar. Chaill m'athair a phost cúpla mí ó shin mar druideadh an mhonarcha ina raibh sé ag obair.
Female	Is mise Sorcha. Tá post páirtaimseartha de dhíth orm mar ní fhaighim airgead póca ó mo thuismitheoirí anois.
Male	Is mise Dónall. Ba mhaith liom ríomhaire úr ach níl an t-airgead againn.
Female	Is mise Máire. Chuaigh mo dheirfiúr go Sasana le post a fháil.
Female	Is mise Aoife. Níl cead agam dul ar an turas scoile go dtí an Spáinn mar níl go leor airgid ag mo thuismitheoirí.
Male	Is mise Seán. Ba mhaith liom dul ar ollscoil ach tá na táillí iontach daor.

Transcript 2

Listen to this interview with a young man who spent some time homeless.

Iriseoir:	Dia duit, a Niall. Chaith tú dhá bhliain ar na sráideanna ar na mallaibh. Cad é go díreach a tharla duit?
Niall:	Bhuel, a Áine. Thosaigh mé ag ól nuair a bhí mé sé déag ach ansin d'éirigh an scéal níos measa nuair a thosaigh mé ag tógáil drugaí. Chuir mo chairde brú orm agus shíl mé go raibh sé faiseanta. Ach i ndiaidh cúpla mí, bhí mé gafa leis na drugaí.
Iriseoir:	Cá háit a bhfuair tú an t-airgead leis na drugaí a cheannach?
Niall:	Bhuel – thosaigh mé amach ag goid airgid ó mo thuismitheoirí agus ina dhiaidh sin bhí mé ag robáil tithe.
Iriseoir:	Cad é an bharúil a bhí ag do thuismitheoirí ar an scéal?
Niall:	Bhí siad iontach buartha agus bhí siad ag iarraidh cuidiú liom ach níor éist mé leo ag an am.
Iriseoir:	Cad é a tharla ansin?
Niall:	Thug mo thuismitheoirí a lán seansanna dom ach sa deireadh chuir siad amach as an teach mé mar ní raibh mé ábalta éirí as na drugaí. Chomh maith leis sin, bhí mé i gcónaí i dtrioblóid leis na péas.
Iriseoir:	Cad é mar a bhí an saol ar na sráideanna?
Niall:	Bhí sé millteanach ar fad. Bhí mé i mo luí amuigh faoin aer agus bhí mé fuar fliuch. Ní raibh airgead agam agus bhí ocras orm go minic. Bhí uaigneas orm fosta.
Iriseoir:	Cad é a tharla sa deireadh?
Niall:	Buíochas le Dia, bhuaíl mé le fear iontach cineálta ó Phobal Shíomóin. Thug sé cuidiú dom agus fuair mé post páirtaimseartha i siopa carthanachta. Ag an bhomaite tá mé ag déanamh cúrsa traenála mar ba mhaith liom bheith ag obair mar chomhairleoir as seo amach. Ba mhaith liom bheith ábalta cuidiú le daoine eile a bhfuil fadhb drugaí acu.
Iriseoir:	Go raibh maith agat as labhairt liom inniu, a Niall, agus go n-éirí leat.

Context 2B - Travel and Tourism

Transcript 1

Listen to the following people talking and write out the information about each one.

- 1 Dia duit, is mise Seán. Bhí mé ar an ollscoil i Meiriceá ar feadh bliana.
- 2 Áine an t-ainm atá orm agus bhí mé ag taisteal san Astráil le mo chara ar feadh míosa.
- 3 Is mise Pól. D'fhan mé sa Fhrainc ar feadh míosa ar laethanta saoire i mí na Bealtaine.
- 4 Clár an t-ainm atá ormsa. Is as Contae Thír Eoghain dom. Chaith mé seachtain sa bhaile i mbliana.

Context 2C - Citizenship and Local Environment

Transcript 1

You listen to some people talking about their preferred mode of transport. Answer the questions in English.

Is mise Ciara. Is maith liom taisteal ar an bhus.

Is mise Fionn. Is maith liom dul ar an traein.

Is mise Sinéad. Is maith liom dul ar eitleán.

Is mise Seán. Is maith liom siúil.

Is mise Róisín. Is maith liom dul ar mo rothar.

Transcript 2

You listen to an announcement from the Geography Department in school. Answer the questions in English.

Beidh an chéad chruinniú den Ghrúpa Timpeallachta ag bualadh le chéile amárach ag am lóin. Tá fáilte roimh gach aois. Beimid ag caint faoi rudaí is féidir linn a dhéanamh ar scoil le cuidiú leis an timpeallacht. Bígí ann!

Transcript 3

You listen to a pupil telling your class how they can help the environment. Answer the questions in English.

Is féidir leat a lán rudaí a athchúrsáil – plaisteach, gloine agus páipéar. Bain úsáid as an bhosca bruscair gorm go minic. Má bhíonn tú ag cuidiú sa ghairdín, is féidir leat an féar a chur isteach sa bhosca bruscair donn. Cuir torthaí agus glasraí sa bhosca bruscair sin fosta.

Transcript 4

You listen to a teacher giving advice to a class on how they can help the environment.

Múinteoir: Anois, a pháistí, cad é mar is féidir linn cuidiú leis an timpeallacht ar scoil?

Male	Is féidir linn póstaer a chur suas ar fud na scoile.
Female	Is féidir linn fógraí a chur ar na teilifíseáin sa scoil.
Male	Is féidir leat bheith i do bhall den chlub Timpeallachta.
Female	Gach lá, ba cheart do rang amháin bruscair a thógáil taobh amuigh agus taobh istigh. Is féidir linn athchúrsáil a dhéanamh.

Context 2C - Citizenship and Local Environment

Transcript 5

The teacher then asks the class how they can help the environment at home.

Teacher: Agus cad é is féidir leat a dhéanamh le cuidiú leis an timpeallacht sa bhaile?

Is féidir linn páipéir a úsáid arís!

Is féidir linn gan bharraíocht uisce a úsáid!

Tig linn na soilse a mhúchadh!

Tig linn an teilifís a mhúchadh!

Is féidir linn siúl ó áit go háit.

Transcript 6

Listen to the words below and write them out in the order in which you hear them.

Caomhantas

Dualgas pearsanta

Fuinneamh

Bruscar

Áthúsáid

Coras iompair phoiblí

Cúrsaí timpeallachta

Athchúrsáil

Téamh domhanda

Athrú aeráide

Truailliú

Context 2D Media and Communications

Transcript 1

Listen to this conversation between Seán and Orlagh.

Seán:	Dia duit, a Orlaigh.
Orlagh:	Dia's Muire duit, a Sheáin. Cá bhfuil tú ag dul?
Seán:	Tá mé ag dul chuig an siopa le páipéar nuachta a cheannach.
Orlagh:	An maith leat bheith ag léamh páipéar nuachta?
Seán:	Ní maith. Caithfidh mé é a cheannach do m'athair. An léann tú féin nuachtáin?
Orlagh:	Corruair. Ach is fearr liom irisí a léamh. Tá siad costasach, ach is breá liom bheith ag amharc ar chúrsaí faisin agus ar na popréaltaí. Ceannaím iris gach Aoine le m'airgead póca.
Seán:	Ceannaím féin greannán nuair a bhíonn airgead agam mar taitníonn na pictiúir liom.
Orlagh:	Tá sé chóir a bheith a naoi a chlog. Déan deifir nó beidh an siopa druidte!
Seán:	Ceart go leor. Slán go fóill, a Orlaigh.
Orlagh:	Slán go fóill.

Transcript 2

Listen to the conversation between Pádraigín and Síle.

Pádraigín:	A Shíle, an bhfuil fonn ort dul chuig an phictiúrlann san oíche amárach?
Síle:	Cad é an scannán a bheidh ar siúl?
Pádraigín:	Beidh an scannán 'Water for Elephants' ar siúl ar ceathrú i ndiaidh a hocht.
Síle:	Níor chuala mé iomrá ar an scannán sin. Cén sórt scannáin atá ann?
Pádraigín:	Is scannán grá atá ann.
Síle:	Is aoibhinn liom scannáin ghrá. An bhfuil duine ar bith clúiteach ann?
Pádraigín:	Tá, cinnte. Is é Robert Pattinson an príomhaisteoir ann.
Síle:	O, tá dúil as cuimse agam in Robert Pattinson. Rachaidh mé, mar sin.
Pádraigín:	Ceart go leor. Cuirfidh mé teachtaireacht téacs chugat tráthnóna amárach. Slán go fóill.
Síle:	Slán go fóill.

Context 2D Media and Communications

Transcript 3

Listen to the following people talking.

Is mise Ciarán. Fuair mé seinnteoir dlúthdhioscaí don Nollaig.

Is mise Brian. Fuair mé teilifís don Nollaig.

Is mise Clodagh. Fuair mé ceamara digiteach don Nollaig.

Is mise Peadar. Fuair mé seinnteoir mp3 don Nollaig.

Is mise Clár. Fuair mé guthán soghluaiste don Nollaig.

Is mise Siobhán. Fuair mé ríomhaire glúine don Nollaig.

Transcript 4

Copy the table below then listen to this conversation.

Eoin:	Dia duit, a Chríostóir.
Críostóir:	Dia's Muire duit, a Eoin. Cad é mar atá tú?
Eoin:	Níl mé go maith. Chaill mé mo ghuthán póca.
Críostóir:	Is trua sin. Cén uair a chaill tú é?
Eoin:	Níl mé cinnte, ach d'úsáid mé é maidin inné chun téacsteachtairacht a chur chuig m'athair. Tá mé iontach buartha mar beidh fearg an domhain ar mo mháthair liom.
Críostóir:	Ar chuir tú scairt ar na péas?
Eoin:	Níor chuir go fóill. Déanfaidh mé sin anois.

Context 2E - Festivals and Customs

Transcript 1

Listen to this recording about how Pádraig and Nóra spent Christmas.

Nóra	Dia duit a Phádraig,
Pádraig	Dia is Muire duit a Nóra. Cad é mar atá tú?
Nóra	Tá mé go maith. Cad é mar a bhí an Nollaig?
Pádraig	Bhí am ar dóigh agam ach amháin go raibh sioc millteanach ann. Chaith mé Lá Nollag le mo theaghlach. Bhí mé iontach sásta leis na bronntanais a fuair mé - ríomhaire nua agus ticéid don cheolchoirm an mhí seo chugainn.
Nóra	Go hiontach. Caithfidh go raibh tú iontach maith an bhliain ar fad?
Pádraig	Bhí cinnte! D'oilbrigh mé go díograiseach ar scoil agus fuair mé marcanna maithe sna scrúduithe. Chomh maith leis sin chuidigh mé le m'athair sa ghairdín ag deireadh na seachtaine.
Nóra	Maith thú. Cá mbeidh an cheolchoirm?
Pádraig	Beidh sí i mBéal Feirste.
Nóra	Ba mhaith liom féin dul. An bhfuil ticéid go fóill ar fáil?
Pádraig	Níl. Ach tá ticéad ag mo chol ceathar agus ní féidir leis é a úsáid mar bíonn sé ag obair ag an deireadh seachtaine. Ar mhaith leat é?
Nóra	Ba bhreá liom é! Tig linn dul go Béal Feirste ar an traein agus an lá a chaitheamh sna siopaí, ansin bia a fháil agus dul ar aghaidh go dtí an cheolchoirm. Tá mé ag dúil go mór leis.
Pádraig	Ní bheidh cead agam dul ar an traein, ach tig linn síob a fháil le mo dheartháir. Caithfidh sé dul go dtí an tAerfort agus beidh sé ag filleadh abhaile ag deireadh na hoíche fosta.
Nóra	Ceart go leor a Phádraig.

Context 2E - Festivals and Customs

Transcript 2

Listen to Pól and Róisín speaking about what they will do this weekend.

Pádraig	Dia duit a Róisín. Cad é mar atá tú?
Róisín	Tá mé ar fheabhas. Tá sé galánta bheith saor ón scoil ar feadh seachtain na Cásca.
Pádraig	Tá an ceart agat. Bíonn an sos seo deas roimh na scrúduithe. An bhfuil tú ag dul chuig an dioscó Dé Sathairn?
Róisín	Ba bhreá liom dul, ach ní thig liom. Tá mé ag dul chuig bainis mo dheirféar.
Pádraig	An bhfuil? Go hiontach. Cad é mar atá an t-ullmhúchán ag dul?
Róisín	Bhuel, tá rudaí ag dul i gceart ach bhí fadhb ann leis an ghúna. Tháinig sé sa phost ó Ghaillimh ach bhí an méid mícheart. Bhí sí ar buile.
Pádraig	Tuigim sin! Cad é a dhéanfaidh sí?
Róisín	Caithfidh m'athair tiomáint go Gaillimh amárach leis an cheann cheart a fháil.
Pádraig	Caithfidh nach bhfuil sé sásta faoi sin, sin turas fada.
Róisín	Níl sé sásta. Ach dúirt an comhlacht go dtabharfaidh siad lacáiste deich faoin chéad mar rinne siadsan an mheancóg.
Pádraig	Is maith sin. Ádh mór leis an bhainis.
Róisín	Go raibh maith agat a Phóil.

Transcript 3

Listen to Micheál speaking about All-Ireland Final Day.

De ghnáth, bíonn an Cluiche Ceannais Peile ar siúl ar an tríú Domhnach i Mí Mheán Fómhair. Bíonn an cluiche i bPáirc an Chrócaigh agus bíonn an ceantar sin i mBaile Átha Cliath plódaithe. Tagann na mílte lena bhfoireann a fheiceáil sa chluiche mhór. Tagann neart daoine a chónaíonn thar sáile abhaile fosta.

Nuair a bhaineann foireann amháin bíonn ceiliúradh mór ann agus an oíche sin fanann an fhoireann agus roinnt tacadóirí in Óstán i mBaile Átha Cliath. Ach bíonn cóisirí ag tarlú sa chontae féin ar feadh na míonna. Bhí an t-ádh orm bheith ann bliain amháin le mo chontae féin a fheiceáil nuair a bhain siad an corn. Bhí sé go hiontach ar fad.

Context 2E - Festivals and Customs

Transcript 4

Listen to Peadar and Nuala speaking.

Nuala	Cad é mar atá tú a Pheadair?
Peadar	Tá mé go hiontach a Nuala, go raibh maith agat.
Nuala	Cad é mar a chaith tú Lá Fhéile Pádraig?
Peadar	Ar dtús, bhí Céilí againn ar scoil an lá roimhe. Bhí craic ar dóigh againn mar bhí na múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí ar fad ag damhsa.
Nuala	Iontach maith, cad é mar a chaith tú an lá féin?
Peadar	Chuaigh mé isteach go lár an bhaile agus bhí paráid agus siamsaíocht ar siúl. Bhí na céadta ann. Bhí ealaíontóirí agus péintéirí ann agus bhí daoine gléasta mar Naomh Pádraig.
Nuala	Iontach maith! An ndearna tú rud ar bith eile?
Peadar	Rinne! Ghlac mé sos beag ón charghas agus d'ith mé milseáin agus seacláid ag an phictiúrlann. Chuaigh mise agus mo chairde agus d'amharc muid ar scannán grinn.
Nuala	Cad é a shíl tú faoin scannán?
Peadar	Shíl mé go raibh sé go maith, ach bhí teas bocht sa phictiúrlann agus níor thaitin sin liom. B'éigean dom dul amach faoi choinne aeir cúpla uair.

Context 2F - An Ghaeltacht

Transcript 1

You are going to hear Mairéad talking about her visit to the Gaeltacht. You will hear each recording twice.

Female Part 1:	Is mise Mairéad Ní Chiaráin. Chuaigh mé go Rann na Feirste anuraidh ar feadh trí seachtaine. Bhí mé ag stopadh i dteach le seachtar cailíní eile, beirt ó mo scoil féin agus cúigear as scoileanna eile. Bhí an teach an-deas agus bhí an bia blasta fosta. Bhí bean an tí iontach cairdiúil agus bhí sí an-chineálta dúinn.
-------------------	--

Transcript 2

Female Part 2:	Bhí an teach cóngarach don Choláiste agus níor ghlac sé ach cúig bhomaite siúl ann gach lá. Bhí an bia blasta agus cócaire iontach maith a bhí i mbean an tí. Bhí mise cairdiúil le hiníon bhean an tí agus is cairde ar Facebook anois muid. Tá súil agam go mbeidh mé sa teach sin ar an bhliain seo chugainn.
-------------------	--

Transcript 3

You are going to hear Dónal talking about all his Gaeltacht experiences. You will hear each recording twice.

Male Part 1:	Thosaigh mé a dhul chun na Gaeltachta nuair a bhí mé i mbliain a hocht ar an mheánscoil. Chuaigh mé go Teileann i ndeisceart Dhún na nGall agus bhí an cúrsa iontach maith ar fad, cé go raibh Teileann i bhfad ar shiúl ó mo bhaile dúchais féin i nDún Geanainn.
-----------------	--

Transcript 4

Male Part 2:	D'fhreastail mé ar chúrsa eile i dTeileann an bhliain ina dhiaidh sin ach nuair a bhí mé i mbliain a deich, chuaigh mé go Machaire Rabhartaigh, atá suite cois farraige i dtuaisceart Dhún na nGall. Bhí cead ag na scoláirí dul ag snámh nuair a bhí an aimsir te.
-----------------	---

Transcript 5

Male Part 3:	I mbliana, ba mhaith liom dul ar chúrsa na Cásca i Loch an Iúir ach níl mé cinnte an mbeidh go leor airgid agam le dul ann.
-----------------	---

Context 2F - An Ghaeltacht

Transcript 6

Listen to some announcements made in a Gaeltacht college. You will hear each recording twice.

Male or Female	<p>Tráthnóna, beidh rang amhránaíochta ar siúl ar leath i ndiaidh a dó sa halla spóirt.</p> <p>Déardaoin, beidh an bunrang ag dul ar thuras go hIonad Cois Locha. €5 an duine a chosnóidh sé agus déanfaidh bean an tí lón do gach duine.</p> <p>Oíche Aoine, beidh céilí ann sa Halla Mór. Beidh an grúpa áitiúil, Céilí House ag seinm, agus rachaidh sé ar aghaidh go dtí leath i ndiaidh a deich. Beidh mionbhus ann le daoine a thabhairt chun an bhaile.</p> <p>Beidh an lá spóirt ann Dé Luain ag brath ar an aimsir. Beidh foireann ag gach teach agus beidh comórtais sa Pheil Ghaelach, san Iománaíocht agus sa Chamógaíocht ann.</p>
-------------------	---

Context 3A - School Life

Transcript 1

Listen to Paul describe his school day.

Dia duit, is mise Pól agus tá mé ag freastal ar Scoil Mhuire, Machaire Fíolta. Tosaíonn an scoil ar a naoi a chlog agus bíonn clárú ann. Bíonn Béarla agam an chéad rang ar cheathrú i ndiaidh a naoi. Bíonn sos agam ar a haondéag. Ithim lón ar a haon agus críochnaíonn an scoil ar fiche i ndiaidh a trí.

Transcript 2

Listen to these people describing their schools.

Male: Is mise Pól. Tá mé ag freastal ar Ardscoil Naomh Eoin i mBéal Feirste.
Female: Is mise Sinéad. Tá mé ar scoil Loreto ar an Ómaigh. Is scoil ghramadaí í.
Male: Is mise Brian. D'fhreastail mé ar an bhunscoil i gCamloch ach anois tá mé ag freastal ar Ardscoil Naomh Pól sa Sruthán.
Male: Is mise Seán. Tá mé ag foghlaim faoin obair sa cheardscoil i nDún Geanainn.

Transcript 3

Listen to Seána talking about school.

Is mise Seána agus tá an t-ádh orm a bheith ag freastal ar an scoil is fearr sa tír. Ardscoil Naomh Pól an t-ainm atá uirthi agus tá sí suite i gceantar álainn faoin tuath i gcroílár Ard Mhacha Theas idir Iúr Cinn Trá agus Camloch.

Tá naoi n-ábhar idir lámha agam faoi láthair; Gaeilge, Béarla, Mata, Fraincis, Spáinnis, Ceimic, Físic, Bitheolaíocht agus Teagasc Críostaí. Tá dúil mhór agam i mBéarla ach tá sé deacair. Is maith liom an Fhísic ach tá mo chroí istigh sa Ghaeilge mar is í mo theanga dhúchais í. Sílim go bhfuil an Fhísic iontach leadránach agus níl dúil dá laghad agam inti.

Context 3B - Part-time Jobs

Transcript 1

Listen to Éamann speaking about his new part-time job.

Is mise Éamann. Fuair mé post páirtaimseartha an tseachtain seo caite agus tá mé ag obair sa siopa áitiúil atá suite leathmhíle ó mo theach. Chonaic mé an fógra ar an suíomh idirlín de chuid páipéar nuachtáin na háite agus chuir mé iarratas isteach air. Bhí agallamh agam ar an ghuthán le Séamas Mac an tSagairt, an duine ar leis an siopa, agus chuir sé scairt ar ais orm níos moille an oíche sin le cur in iúl dom go bhfuair mé an post. Is maith liom an obair mar bíonn craic mhaith ann leis na custaiméirí agus is duine iontach tuisceanach cineálta é Séamas. Tá an t-airgead go breá, faighim sé phunt in aghaidh na huair. Ach ar an drochuair tá an obair iontach trom agus bím i gcónaí buartha faoin airgead sa taisceadán. Caithim mo chuid airgid féin ar éadaí agus ag an deireadh seachtaine amuigh ag dioscónna le mo chairde. Déanaim iarracht cúpla punt a chur i dtaisce fosta.

Context 3C - Future Plans

Transcript 1

Listen to Dónall speaking about his job.

Sé bhur mbeatha!

Is mise Dónall agus tá mé i mo shiúinéir. Bím ag obair ar thithe. Bím taobh istigh in amanna agus taobh amuigh fosta. Is breá liom bheith istigh sa samhradh mar bíonn an ghrian ag soilsiú ach is fuath liom bheith amuigh sa gheimhreadh mar bíonn sé ag cur sneachta agus fearthainne beagnach gach lá. Is maith liom mo phost mar bím bródúil as na jabanna a dhéanaim do dhaoine agus bíonn craic ar dóigh agam leis na hoibrithe eile ar an láithreán tógála.

Transcript 2

Dónall continues and speaks about his wife's work.

Máire an t-ainm atá ar mo bhean chéile agus táimid pósta ar a chéile le seacht mbliana anuas. Is fiacloir í agus tá íoclann aici ar an Srath Bán. Tá sí ag obair ansin le trí bliana agus tá dúil mhór aici san obair. Is maith léi an obair mar tá sí ciúin agus fáiteach agus ní bhíonn uirthi labhairt os comhair mórán daoine. Ach bíonn comhlúdar deas aici lena hothair. Tá an tuarastal iontach ard i gcomparáid le hairgead siúinéara agus bíonn sé deas an t-airgead bheith againn go háirithe ag an Nollaig mar tá triúr páistí againn agus bíonn na bronntanais measartha daor faoi láthair!

Transcript 3

Listen to these people talking about their work.

Male	Dia duit, is mise Máirtín agus is tógálaí mé. Tá mé cúig bliana is daichead d'aois. Faoi láthair tá mé ag obair ar láithreán tógála i mBaile Átha Cliath ach i gceann míosa beidh mé ag aistriú cónaithe go Doire le teach a thógáil. Taitníonn an obair go mór liom mar is aoibhinn liom an t-aer glan.
Male	Fearghal an t-ainm atá orm. Is fiacloir mé agus oibrím i nDroichead Átha. Tá mé ansin ó mo chéad lá oibre nuair a bhí mé ceithre bliana is fiche. Anois tá mé trí bliana is seasca. Is breá liom an obair mar buailim le neart daoine deasa.
Male	Is mise Diarmaid agus tá mé i mo bhúistéir. Tá siopa agam i nDún Geanainn le deich mbliana anuas. Níl dúil agam san obair mar tá an obair iontach trom agus is fuath le mo bhean chéile an boladh.

Context 3C - Future Plans

Transcript 4

Listen to Éamonn speaking about what he sees in his life over the next ten years.

Sé do bheatha, Is mise Éamonn, tá sé bliana déag slánaithe agam agus tá neart pleananna agam don toadhcháí. I gceann deich mbliana sílim go mbeidh neart athruithe ag tarlú dom agus mothaím neirbhíseach faoi sin.

Ar an chéad dul síos ba mhaith liom filleadh ar scoil agus tabhairt faoi Ard-leibhéil. Sílim go roghnóidh mé Gaeilge, Béarla, Stair agus tá mé idir dhá chomhairle maidir leis an cheathrú ábhar; seans go ndéanfainn Corpoideachas nó an ceol b'fhéidir. Is maith liom na hábhair sin mar tá mé maith ag scríobh aistí agus ag tabhairt barúlacha.

Pause and then repeat both paragraphs

Amach anseo tá mé cinnte gur mhaith liom dul ar ollscoil le céim a bhaint amach. Is dócha go rachaidh mé go Béal Feirste mar téann bunús na ndaoine ón cheantar seo ann. Tá mé ag smaoineamh ar imeacht ón tír fosta áfach, mar ba bhreá liom taisteal. Níl mé ró-chinnte cén cúrsa a dhéanfaidh mé go fóill, beidh sé sin ag brath ar na torthaí. B'aoibhinn liom bheith i mo dhlíodóir ach ag an am céanna níor mhaith liom gan bheith ag dul don Ghaeilge. Déanfaidh mé cinneadh nuair a fhaighim mo thorthaí.

Pause and then repeat paragraph

Tá dúil mhór agam sa pheil Ghaelach agus imrím le mo chlub, An Charraig. Imrím mar thosaí agus bím ar an chlár scórála go minic. Bhain muid craobh Uladh anuraidh agus ba chaptaen na foirne mé. Mar sin i gceann cúig bliana ba mhaith liom bheith ag imirt le foireann shinsear Thír Eoghain. Tá seans maith agam, i mo bharúil féin, ach beidh orm obair go díograiseach idir an dá linn.

I gceann deich mbliana, sílim go mbeidh mé pósta chomh maith. Tógfaimid teach cóngarach do mo theach féin ar imeall an tsráidbhaile. Tá mé ag iarraidh triúr páistí bheith agam – buachaill agus beirt chailíní. Sin mo shaol i gceann deich mbliana!

Transcript 5

Listen to Máirtín taking part in an interview.

Female	Dia duit a Mháirtín, fáilte romhat go dtí an t-agallamh. Cad é mar atá tú?
Male	Dia is Muire daoibh, a dhaoine uaisle. Tá mé go maith ach mothaím rud beag neirbhíseach inniu.
Female	Ná bí neirbhíseach a Mháirtín, ní chuideoidh an brú leat. Ba cheart duit do dhícheall a dhéanamh agus gan bheith buartha.
Male	Cuirfidh muid ceithre cheist ort. Mura dtuigeann tú na ceisteanna ná bíodh leisce ar bith ort iarraidh orainn an cheist a mhíniú nó a athrá. Mairfidh an t-agallamh thart faoi chúig bhomaite dhéag agus beidh seans agat ceisteanna a chur ag an deireadh. Ádh mór ort.

Context 3C - Future Plans

Transcript 6

Listen to section 2.

Female Interviewer	Cad é atá ar eolas agat faoin chomhlacht seo?
Male Interviewee	Bhuel. Tá a fhios agam gur comhlacht bainistíochta imeachtaí é seo. Léigh mé an suíomh idirlín s'agaibh agus is léir go bhfuil an comhlacht ag dul ó neart go neart le tamall anuas mar thaispeáin an suíomh gur fhás an brabús le tríocha faoin chéad ó bhí arú anuraidh ann.
Male Interviewee	Tá níos mó na tríocha duine fostaithe sa chomhlacht seo go lánaimseartha agus deichniúir eile go páirtaimseartha. Tuigim go bhfuil ceithre chraobh den chomhlacht – ceann i mBaile Átha Cliath, ceann i nGaillimh, ceann i gCorcaigh agus an ceann anseo i mBéal Feirste.
Male Interviewee	Chomh maith leis sin, tá a fhios agam go mbíonn sibh ag réachtáil imeachtaí ar an Mhór-Roinn agus i Sasana. Ba bhreá liom féin bheith ag obair anseo, i mBéal Feirste, ach níor mhiste liom taisteal ach oiread.

Transcript 7

Listen to section 3.

Female Interviewer	Cad iad na luachanna atá agat a bheadh fóirsteanach don phost seo?
Male Interviewee	Tá mé iontach díograiseach mar thús mar ní miste liom uaireanta fada a chur isteach. Tá mé éifeachtach fosta agus ní maith liom am a chur amú. Tá mé uaillmhianach agus oibrím go maith le daoine mar chuid d'fhoireann. Tá mé iontach eagraithe mar tá mé ábalta mo shaol pearsanta agus mo shaol oibre a láimhseáil ag an am céanna.
Female Interviewer	Cad iad na dúshlána a bhaineann leis an saol gnó sa lá atá inniu ann?
Male Interviewee	Tá cuid mhór deacrachtaí sa saol gnó faoi láthair. Níl mórán airgid sa tír anois mar gheall ar an chúlú eacnamaíochta agus is mór an trua sin. Ach ciallaíonn sé sin go gcaithfidh muid a dhéanamh cinnte de go bhfaigheann ár gcuid cliant luach an airgid a chaitheann siad.

Context 3C - Future Plans

Transcript 8

Listen to Máirtín explaining how he alleviates stress.

Female Interviewer	Cad é mar a sheachnaíonn tú brú agus strus?
Male Interviewee	Déanaim cinnte go bhfaighim go leor codlata gach oíche. Glacaim páirt in aclaíocht – bíim ag rith ar a laghad trí huair sa tseachtain. Oibrím go dícheallach agus mé ar obair ach ligim mo scíth nuair is féidir liom – téim amach chuig dioscó ag deireadh na seachtaine, téim ar laethanta saoire sa samhradh agus caithim am gach tráthnóna le mo bhean chéile os comhair na teilifíse.